Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Márta 2025**
**(OR. en)**

**6771/25**

**ENV 120**
**DELACT 20**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 5 Márta 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 1360 final |
| Ábhar: | CINNEADH TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN an 5.3.2025 Iena leasaítear Cinneadh 2000/532/CE a mhéid a bhaineann le nuashonrú ar an liosta dramhaíola i ndáil le dramhaíl a bhaineann le ceallraí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 1360 final.

Faoi iamh: C(2025) 1360 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 5.3.2025
C(2025) 1360 final

**CINNEADH TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.3.2025**

**lena leasaítear Cinneadh 2000/532/CE a mhéid a bhaineann le nuashonrú ar an liosta dramhaíola i ndáil le dramhaíl a bhaineann le ceallraí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá ceallraí ar cheann de na nithe is mó lenar féidir forbairt inbhuanaithe, soghluaisteacht ghlas, fuinneamh glan agus aeráidneodracht a bhaint amach. Leis an Rialachán maidir le Ceallraí agus Ceallraí Dramhaíola[1] ('an Rialachán'), tugtar isteach creat rialála comhchuibhithe chun déileáil le saolré iomlán ceallraí a chuirtear ar mhargadh an Aontais. Chun cabhrú le dramhaíl a bhainistiú, cuireann an liosta dramhaíola Eorpach[2], arna leasú go deireanach in 2014[3], téarmaíocht chomhchoiteann ar fáil chun dramhaíl a aicmiú ar fud an Aontais, lena n-áirítear dramhaíl ghuaiseach.

De bhun aithris 116 den Rialachán, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta sin chun ceimicí ceallraí nua agus próisis mhonaraíochta agus athchúrsála atá ag athrú go tapa a chur san áireamh. Is é is aidhm dó sin feabhas a chur ar shainaithint agus inrianaitheacht na sruthanna dramhaíola éagsúla, agus ar fhaireachán orthu, agus cinnteacht a thabhairt maidir lena stádas mar dhramhaíl ghuaiseach / neamhghuaiseach, chun sórtáil agus tuairisciú cuí na gceallraí dramhaíola sin a chumasú. Ar an gcaoi chéanna, beartaítear leis an teachtaireacht maidir le hAmhábhair Chriticiúla[4] go ndéanfar leasú spriocdhírithe ar an liosta dramhaíola in 2024 chun teacht chun cinn ceimicí ceallraí nua (go háirithe ceallraí litiambhunaithe agus nicilbhunaithe), próisis mhonaraíochta agus athchúrsála atá ag athrú, agus sórtáil, athchúrsáil agus tuairisciú cuí ceallraí dramhaíola a chur san áireamh i gcomhthéacs an Rialacháin nua maidir le Ceallraí. Ina theannta sin, is é is aidhm don leasú an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint a thuilleadh trí bhainistiú cuí dramhaíola a bhaineann le ceallraí a áirithiú. Ar bhonn níos leithne, ba cheart é sin a mheas freisin i gcomhthéacs slabhra luacha athchúrsála a fheidhmíonn go maith, lena dtacaítear le cur i bhfeidhm rialacha maidir le héifeachtúlachtaí athchúrsála le haghaidh ceallraí dramhaíola agus maidir le hábhar athchúrsáilte i gceallraí nua.

I measc na gcód nua, tugadh cóid dramhaíola guaisí nua isteach chun codáin idirmheánacha ó chóireáil dramhaíola ceallraí a shainaithint, dá ngairtear 'meallta dubha' go coitianta. Maidir le dramhaíl den sórt sin a aicmiú mar dhramhaíl ghuaiseach, tacaítear leis an aicmiú sin trí bhíthin faisnéis atá cothrom le dáta maidir le comhdhéanamh agus aicmiú comhpháirteanna de réir an Rialacháin maidir le hAicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP)[5], lena gcuirtear an Córas Comhchuibhithe Domhanda chun feidhme san Aontas.

---

1 Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1.).

2 Cinneadh 2000/532/CE ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2000 lena n-ionadaítear Cinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíola de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus Treoir 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (IO L 226, 6.9.2000, lch. 3.).

3 Cinneadh 2014/955/AE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014 lena leasaítear Cinneadh 2000/532/CE a mhéid a bhaineann leis an liosta dramhaíola de bhun Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 370, 30.12.2014, lch. 44).

4 COM (2023) 165 final, Teachtaireacht maidir le soláthar amhábhar criticiúil ar bhonn inbhuanaithe slán chun tacú leis an dá aistriú.

5 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

Bíonn tionchar ag aicmiú sruthanna dramhaíola a bhaineann le ceallraí ar a mhéid atá siad faoi réir na rialacha is infheidhme maidir le loingsiú dramhaíola i gcomhréir leis an Rialachán maidir le Loingsithe Dramhaíola. Bunaíodh rialacha den sórt sin agus é de chuspóir acu an comhshaol agus sláinte an duine a chosaint.

Chomh maith le cóid dramhaíola le haghaidh dramhaíl nua a bhaineann le ceallraí a thabhairt isteach sa liosta dramhaíola, leis an leasú cuirtear cód dramhaíola nua in ionad an chóid dramhaíola neamhghuaisigh atá ann faoi láthair le haghaidh ceallraí alcaileacha, agus de réir an chóid dramhaíola nua, aicmítear gach ceallra alcaileach mar dhramhaíl ghuaiseach. Maidir le haicmiú ceallraí alcaileacha, a bhí bunaithe ar dtús ar mheasúnú a rinneadh go luath sna 1990idí, cuireadh in oiriúint é don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch trí thiúchan na substaintí ábhartha i gceallraí agus aicmiú guaiseach na gceallraí sin de réir Rialachán CLP a chur san áireamh.

Cruthaíonn ceallraí litiambhunaithe dramhaíola dúshláin shonracha maidir le hiompar agus cóireáil de dheasca guaiseacha pléasctha agus dóiteáin, go háirithe i ndramhaíl chathrach. Chun rannchuidiú le bainistiú sábháilte éifeachtach ceallraí litiambhunaithe dramhaíola, tugtar isteach cód dramhaíola guaisí sonrach nua le haghaidh ceallraí litiambhunaithe i bhfochaibidil 20 01 den liosta dramhaíola, lena gcumhdaítear codáin dramhaíola cathrach a bhailítear ar leithligh. Ba cheart an cód sin a úsáid i gcásanna ina ndéantar bailiúchán ar leithligh de cheallraí litiambhunaithe dramhaíola, mar mhalairt ar an gcód dramhaíola guaisí is infheidhme maidir le ceallraí dramhaíola guaisí sórtáilte agus neamhshórtáilte de thionscnamh cathrach.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Is gníomh teicniúil é seo agus níor ghá tacú leis trí mheasúnú tionchair ná comhairliúchán poiblí oscailte, go háirithe i bhfianaise chineál teicniúil an bhirt agus aicmiú guaise soiléir na dramhaíola. Aicmiú guaise soiléir na dramhaíola, tá sé ann mar thoradh ar chur i bhfeidhm rialacha bunaithe maidir le haicmiú ceimiceán agus dramhaíola. Go sonrach, an t-aicmiú dramhaíola atá beartaithe maidir le dramhaíl a bheith guaiseach nó neamhghuaiseach, tá sé bunaithe ar fhaisnéis atá cothrom le dáta faoi chomhdhéanamh agus aicmiú comhábhar de réir rialacha aicmithe an Aontais dá bhforáiltear i Rialachán CLP agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/98/CE[6] (an Treoir Réime Dramhaíola).

Baintear leas sa ghníomh tarmligthe as tuarascáil ó Airmheán Comhpháirteach Taighde (JRC) an Choimisiúin[7] arna hullmhú le hionchur ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear comhairliúchán leis an ngrúpa saineolaithe maidir le dramhaíl an 31 Márta 2023, ceardlann an 21 Samhain 2023 agus comhairliúchán tiomnaithe leis na páirtithe leasmhara. Pléadh an gníomh tarmligthe ansin sa ghrúpa saineolaithe maidir le dramhaíl, a n-áirítear ionadaithe ó na Ballstáit, gnólachtaí agus an tsochaí shibhialta ann, an 8 Bealtaine 2024 agus fuarthas barúlacha i scríbhinn faoin 8 Meitheamh 2024. Cuireadh na Ballstáit ar an eolas faoin gcaoi ar cuireadh a mbarúlacha san áireamh i gcruinniú an Choiste um oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil agus um chur chun feidhme na dTreoracha maidir le Dramhaíl a bunaíodh faoi Airteagal 39 den Treoir Réime Dramhaíola an 20 Meán Fómhair 2024.

Foilsíodh an dréachtghníomh tarmligthe ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr chun aiseolas a fháil ón bpobal ón 11 Deireadh Fómhair go dtí an 8 Samhain 2024. An 15 Deireadh Fómhair

[6] Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

[7] Tuarascáil ón Airmheán Comhpháirteach Taighde: Moltaí teicniúla maidir le leasú spriocdhírithe a dhéanamh ar iontrálacha an Liosta Eorpaigh Dramhaíola atá ábhartha maidir le ceallraí, 2024

2024 tugadh fógra faoi don Choiste um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Glactar an gníomh tarmligthe de bhun Airteagal 7(1) den Treoir Réime Dramhaíola lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 38a den Treoir chun é a fhorlíonadh trí athbhreithniú a dhéanamh ar an liosta dramhaíola a bhunaítear faoin Treoir.

**CINNEADH TARMLIGTHE (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN**

**an 5.3.2025**

**lena leasaítear Cinneadh 2000/532/CE a mhéid a bhaineann le nuashonrú ar an liosta dramhaíola i ndáil le dramhaíl a bhaineann le ceallraí**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe [8], agus go háirithe Airteagal 7(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Bunaíodh liosta dramhaíola le Cinneadh 94/3/CE ón gCoimisiún, agus ina dhiaidh sin bunaíodh liosta dramhaíola guaisí le Cinneadh 94/904/CE ón gComhairle. Cuireadh Cinneadh 2000/532/CE ón gCoimisiún[9] in ionad na gCinntí sin.

(2) Maidir le ceimicí ceallraí nua, go háirithe a mhéid a bhaineann le ceimicí ceallraí litiambhunaithe, ceallraí sóidiambhunaithe agus ceallraí nicilbhunaithe, tá siad tagtha chun cinn le blianta beaga anuas agus tá próisis mhonaraíochta agus athchúrsála do cheallraí forbartha. Cuireadh an éabhlóid sin san áireamh i gcomhthéacs Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10] agus ba cheart í a léiriú sa liosta dramhaíola.

(3) Thairis sin, tugtar isteach le Rialachán (AE) 2023/1542 téarmaíocht nua agus mhodhnaithe, ar téarmaíocht í is infheidhme maidir le dramhaíl a bhaineann le ceallraí (is é sin, dramhaíl monaraíochta ceallraí, ceallraí dramhaíola agus codáin díobh), rud ba cheart a léiriú sa liosta dramhaíola freisin dá bharr.

(4) Dá bhrí sin, is gá an liosta dramhaíola a leagtar amach i gCinneadh 2000/532/CE a thabhairt cothrom le dáta chun ceimicí ceallraí nua agus bainistiú dramhaíola a bhaineann le ceallraí, mar aon leis an margadh ceallraí atá ag athrú, a chur san áireamh agus chun feabhas a chur ar shainaithint agus aicmiú sruthanna dramhaíola ábhartha agus chun tacú le sórtáil, athchúrsáil agus tuairisciú feabhsaithe dramhaíola a bhaineann le ceallraí.

---

8 IO L 312, 22.11.2008, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2008/98/oj.

9 Cinneadh 2000/532/CE ón gCoimisiún an 3 Bealtaine 2000 lena n-ionadaítear Cinneadh 94/3/CE lena mbunaítear liosta dramhaíola de bhun Airteagal 1(a) de Threoir 75/442/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl agus Treoir 94/904/CE ón gComhairle lena mbunaítear liosta de dhramhaíl ghuaiseach de bhun Airteagal 1(4) de Threoir 91/689/CEE ón gComhairle maidir le dramhaíl ghuaiseach (IO L 226, 6.9.2000, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2000/532/oj).

10 Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE (IO L 191, 28.7.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1542/oj).

(5) Tá sé fíor-riachtanach sruthanna sonracha dramhaíola a aicmiú mar dhramhaíl ghuaiseach, agus brath ar fhaisnéis atá cothrom le dáta agus bunaithe ar fhianaise maidir le comhdhéanamh agus aicmiú guaise substaintí comhábhair, chun a áirithiú go ndéanfar bainistiú dramhaíola gan sláinte an duine a chur i mbaol agus gan dochar a dhéanamh don chomhshaol. Ba cheart iontrálacha dramhaíola guaisí a áirítear sa liosta dramhaíola a aicmiú agus tionscnamh agus comhdhéanamh na dramhaíola á gcur san áireamh, chomh maith leis na teorainnluachanna tiúchana is infheidhme maidir le substaintí guaiseacha, mar a shainmhínítear go dlíthiúil in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2008/98/CE, le haghaidh substaintí a aicmítear mar shubstaintí guaiseacha, de réir na gcritéar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11].

(6) Ba cheart aicmiú ceallraí alcaileacha a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch trí thiúchan na substaintí ábhartha i gceallraí agus aicmiú guaise na gceallraí sin a chur san áireamh i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

(7) Chun rannchuidiú le bainistiú sábháilte agus éifeachtach ceallraí litiambhunaithe dramhaíola de thionscnamh cathrach, ba cheart cód dramhaíola guaisí nua a thabhairt isteach le haghaidh ceallraí litiambhunaithe, lena gcumhdaítear codáin dramhaíola cathrach a bhailítear ar leithligh.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2000/532/CE a leasú dá réir.

(9) Chun go mbeidh oibreoirí agus údaráis in ann na cóid dramhaíola nua agus mhodhnaithe a chur chun feidhme go leormhaith, go háirithe maidir le dramhaíl a aicmítear nó a athaicmítear mar dhramhaíl ghuaiseach, agus chun na hathruithe struchtúracha agus oibríochtúla is gá a dhéanamh ar shaoráidí ina mbainistítear dramhaíl a bhaineann le ceallraí, agus chun gur féidir ceadanna dramhaíola a oiriúnú, a chur isteach agus a phróiseáil, ba cheart cur i bhfeidhm an Chinnidh seo a chur siar,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2000/532/CE i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón *[Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta = 18 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo]*.

---

[11] Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2008/1272/oj).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5.3.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*